Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 20

# An Garda Síochána

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, pinsin etc. ina measc; chun íoc as costais finnéithe áirithe, agus chun íoc as deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.85 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 cuid den chuntas chomh maith.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse a n-ionchas saoil ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí dímheasa caighdeánacha i bhfeidhm i dtaca le trealamh oifige agus TF, agus i dtaca le troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le hábhar i gcás sócmhainní caipitil eile

- Aerárthach: 5% in aghaidh na bliana
- Báid: 10% in aghaidh na bliana
- Feithiclí: 25% in aghaidh na bliana

***Talamh agus foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Gardaí faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le cuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13). Is le hOifig na nOibreacha Poiblí í gach réadmhaoin eile a úsáidtear ag an nGarda Síochána agus mínítear iad ar fad i gcuntas leithreasa na hoifige sin.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú sa Gharda Síochána. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Choimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tugann An Garda Síochána cinneadh Thuarascáil Chigireacht an Gharda dá *aire Changing Policing in Ireland – November 2015* mar ar aithníodh roinnt deiseanna feabhsúcháin I réimsí an rialachais agus an bhainistithe riosca. Áiríodh i measc na ndeiseanna feabhsúcháin a aithníodh i mbainistiú riosca maoirseacht agus feidhmiú an bhainistithe riosca ag leibhéal oibríochtúil chomh maith le feidhmiú an Bhoird Rialachais Riosca.

Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a aithníodh tá ardtosaíocht á déanamh de roinnt tionscnamh feabhsúcháin faoi phlean nua-aoisiú agus athnuachan an Gharda 2016 – 2021:

- Forbraíodh struchtúr nua eagraíochtúil le ceannasaí aonair bainistíochta sinsearaí do róil pholasaí, iniúchta agus mhaoirseachta a threiseoidh rialú agus rialachas inmheánach.
- Tá creatlach bhainistíochta polasaí á forbairt a sholáthróidh cur chuige trédhearcach agus comhordaithe i dtaca le forbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht pholasaí.
- Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach bainistíochta riosca i 2015 a d'fhorbair cur chuige athbhreithnithe i dtaca le bainistíocht riosca' sa Gharda Síochána. I measc na bhfeabhsúchán suntasach tá bunú oifige nua bainistíochta riosca, polasaithe agus gnáthaimh athbhreithnithe agus bunú boird nua rialachais riosca agus pholasaí, é treisithe ag cur san áireamh Leas-Choimisinéara Phóilíneachta agus Shlándála mar an Príomhoifigeach Riosca agus mar an Príomhoifigeach Riaracháin. Feidhmeoidh an cur chuige athbhreithnithe i dtaca le bainistiú riosca i gcomhar le haonad caighdeán gairmiúil an Gharda agus le rannóg iniúchta inmheánaí an Gharda.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Garda Síochána agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Oifig Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta de chuid Vóta 24-Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus Vóta 18-Seirbhísí Comhroinnte, go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- córas buiséadta cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearaí a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Gharda Síochána
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta.

***Soláthar***

Cinntíonn an Garda Síochána go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte, seachas i gcás 73 conradh ar a raibh luach €11,493,861 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Áiríodh le trí chonradh déag ar a raibh luach €4,420,333 íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe aonair agus le seirbhísí a bhain le slándáil. Anuas air sin, síneadh 23 conradh ar a raibh luach €3,714,269 thar dháta an bhunchonartha gan dul i mbun soláthar iomaíoch agus tá tairiscintí ar bun in 2016 do na seirbhísí seo. Íocadh 17 gconradh ar a raibh luach €2,175,410 i dtaca le seirbhísí leighis i gcomhréir le rátaí ceadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí gairmiúla agus tugadh faoi thairiscint iomaíoch. Sna 20 chás déag eile ar a raibh luach €1,183,849, bhí socruithe áitiúla conartha i bhfeidhm i gcoinne treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe conraithe curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána cheana féin do roinnt de na soláthairtí seo agus tá sé ag dul i mbun beart chun tairiscintí a chur i bhfeidhm in 2016 d’fhuílleach na soláthairtí seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGarda Síochána le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá roimh na nGarda Síochána i bhfeidhm ar a chuid oibre agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

***Bainistíocht Maoine agus Fianaise***

Ba é bainistíocht, taifeadadh agus stóráil cheart maoine, idir fhianaiseach agus neamhfhianaiseach, ar ar ghlac an Garda Síochána seilbh, an riosca airgeadais agus cáile ba mhinice a tháinig chun solais a shainaithin Iniúchadh Inmheánach in 2015. Tugtar tús áite do réiteach na saincheiste seo laistigh den Chlár um Chlaochlú Straitéiseach.

***Iniúchadh Choláiste an Gharda Síochána***

Aithníodh roinnt ceisteanna a bhaineann le soláthar na seirbhísí coimhdeacha i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, nach gcloíonn le gnáthaimh reatha rialachais chorparáidigh caighdeán poiblí. Rinne dréacht-tuarascáil inmheánach iniúchta roinnt moltaí chun comhlíonadh na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí a chinntiú, moltaí a ionchorprófar in aon phlean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo.

**Nóirín Ní Shúilleabháin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

31 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 20 An Garda Síochána

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Garda Síochána agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais* Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag An Garda Síochána. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2015.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Meán Fómhair 2016

# Vóta 20 An Garda Síochána
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Ag oibriú le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,468,868 | | | |
| | *Forlíontach* | 43,079 | 1,511,947 | 1,503,468 | 1,439,854 |
| | **Ollchaiteachas** | | **1,511,947** | **1,503,468** | **1,439,854** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 120,595 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,879 | | | |
| | | | **128,474** | **128,485** | **126,892** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,348,273 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,200 | | | |
| | | | **1,383,473** | **1,374,983** | **1,312,962** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 8,490,200 | 1,765,512 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 6,644,000 | — |
| Barrachas lena thabhairt suas | 1,846,200 | 1,765,512 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 930,034 | | | |
| | *Forlíontach* | 33,785 | 963,819 | 963,316 | 931,418 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | |
| | *Bunaidh* | 14,483 | | | |
| | *Forlíontach* | 742 | 15,225 | 15,345 | 13,940 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,706 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,009 | 14,715 | 15,576 | 13,336 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,647 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,663 | 45,310 | 43,687 | 41,259 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,212 | | | |
| | *Forlíontach* | 18,091 | 38,303 | 38,598 | 25,830 |
| vi | Cothabháil áitreabh an Gharda Síochána | | | | |
| | *Bunaidh* | 721 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,779 | 3,500 | 3,347 | 2,901 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | | |
| | *Bunaidh* | 261 | | | |
| | *Forlíontach* | 19 | 280 | 231 | 160 |
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 200 | 18,900 | 19,530 | 19,458 |
| ix | Cúltaca an Gharda Síochána | | | | |
| | *Bunaidh* | 895 | | | |
| | *Forlíontach* | (395) | 500 | 439 | 593 |
| | | | 1,100,552 | 1,100,069 | 1,048,895 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 An Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 403,399 | 390,959 |
| Pá[a] | | 963,316 | 931,418 |
| Neamhphá | | 136,753 | 117,477 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,503,468** | **1,439,854** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **128,485** | **126,892** |
| **Ollchaiteachas** | | **1,374,983** | **1,312,962** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (20,450) | | |
| Dímheas | 13,328 | | |
| Airgead tirim ó dhiúscairtí | 55 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 190 | (6,877) | (4,868) |
| **Scócmhainní á bhfobairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (5,073) | (481) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe dúnta | (8,232) | | |
| Méadú ar stoc | (900) | | |
| | | (9,132) | (586) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,353,901** | **1,307,027** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 20,617 | 22,012 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,374,518** | **1,329,039** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 20 atá seasta in áit éigin eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 17,856 | 18,059 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 993 | 2,105 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 2,884 | 2,968 |
| *Lúide* | | | |
| Seirbhísí á soláthar ag an nGarda Síochána do Vótaí eile[a] | m | (1,116) | (1,120) |
| | | 20,617 | 22,012 |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

a Cuireadh iompar Garda ar fáil gan táille do phearsanra Sheirbhís Príosúin na hÉireann le príosúnaigh a iompar chun na cúirte.

Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.

Bhain An Gharda Síochána úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2015 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 51,063 | 43,218 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 7,297 | 3,582 |
| | | **58,360** | **46,800** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 46,571 | 16,947 |
| Stoic | 2.5 | 5,997 | 5,097 |
| Réamhíocaíochtaí | | 11,731 | 6,239 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,540 | 2,719 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 3,705 | 13,585 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **71,544** | **44,587** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 9,518 | 11,827 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 43,536 | 30,566 |
| An glandliteanas leis an Státchiste | 2.9 | 6,740 | (34) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **59,794** | **42,359** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,750** | **2,228** |
| **Glansócmhainní** | | **70,110** | **49,028** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **70,110** | **49,028** |

| **2.1 Cuntas Cistithe an Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 49,028 | 43,093 |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,383,473 | | |
| Forghéilleadh iarchurtha | | (6,644) | | |
| Barrachas lena thabhairt suas | Cuntas | (1,846) | | |
| Glanvóta | | | 1,374,983 | 1,312,962 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 20,617 | 22,012 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,374,518) | (1,329,039) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **70,110** | **49,028** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Aerárthach | Báid mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2015 | 17,072 | 1,060 | 65,910 | 161,251 | 5,754 | 251,047 |
| Breiseanna | 1,565 | — | 11,225 | 8,423 | 205 | 21,418 |
| Diúscairtí | — | — | (8,403) | (1,484) | — | (9,887) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2015 | 18,637 | 1,060 | 68,732 | 168,190 | 5,959 | 262,578 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2015 | 10,902 | 877 | 45,855 | 146,670 | 3,525 | 207,829 |
| Dímheas don bhliain | 832 | 70 | 7,391 | 4,586 | 449 | 13,328 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (8,181) | (1,461) | — | (9,642) |
| Dímheas carntha an 31 Nollaig 2015 | 11,734 | 947 | 45,065 | 149,795 | 3,974 | 211,515 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2015** | **6,903** | **113** | **23,667** | **18,395** | **1,985** | **51,063** |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2014** | **6,170** | **183** | **20,055** | **14,581** | **2,229** | **43,218** |

**2.3 Sócmhainní caipitil á bhForbairt**

| | Tionscadal Schengen[a] | Tionscadal MIMS[b] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2015 | 2,676 | 906 | 3,582 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | — | 5,073 | 5,073 |
| Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní | — | (1,358) | (1,358) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2015 | 2,676 | 4,621 | 7,297 |

[a] Forbraíodh Córas Faisnéise Schengen mar chuid de Choinbhinsiún Schengen a cheadaíonn teorainneacha inmheánacha a bhaint agus a sholáthraíonn comhoibriú méadaithe idir fórsaí póilíneachta na mballstát an AE. Níl aon chonradh sínithe i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh Chóras Faisnéise Schengen. Tá idirbheartaíochtaí conartha ar bun idir an rogha soláthróra agus an Garda Síochána. Tá costas measta €23.9 milliún ar an tionscadal agus ní eascróidh aon cheangaltas go dtí go ndéantar cinneadh chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal.

[b] Tacaíonn an Córas Bainistíochta Mórimscrúdaithe le haonaid speisialtóra laistigh den Gharda Síochána chun faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh. Tá costas measta €28.7 milliún ar thionscadal MIMS agus aimsíodh an rogha soláthraí i ndiaidh iomaíocht tairisceana. Cuireadh Céim 2 chun feidhme in 2015 agus cuireadh tús le forbairt chéimeanna 3a, 3b agus 5 in 2015. Tá forbairt na gcéimeanna atá fágtha den tionscadal seo faoi réir fáil a bheith ar chistiú.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta | 26,810 | (2,807) |
| Orduithe gan íoc | — | (450) |
| Cuntais bhainc thráchtála | 19,761 | 20,204 |
| | 46,571 | 16,947 |

Léiríonn iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €15,110,000 in 2015 (2014: €15,355,000) i dtaca le cuntas bainc thráchtála a fheidhmítear ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 419 | 427 |
| Stoc theileachumarsáide | 1,038 | 877 |
| Éide | 2,299 | 2,051 |
| An Biúró Teicniúil | 99 | 96 |
| Stoc na Náisiún Aontaithe | 87 | 76 |
| Armlann | 1,493 | 1,142 |
| Ilghnéitheach | 562 | 428 |
| | 5,997 | 5,097 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 1,480 | 2,368 |
| Óinchistí | 789 | 709 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 753 | 9,752 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 501 | 548 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 182 | 208 |
| | 3,705 | 13,585 |

**2.7 Costais Fhabhraithe**

Áirítear le costais fhabhraithe €9.52 milliún sa bhliain 2015 suim €3.83 milliún maidir le huasghrádú Chórais Faisnéise an Gharda Síochána a bhaineann le haistriú chuig Windows 7. Baineann seo le ceannach léasa agus suiteáil 7,027 ríomhaire deisce in 2014 faoi chreat-chomhaontú Lárionad Bainistíochta agus Forbartha Eagraíochta ar phraghas seasta i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana 2015-2019 mar chuid de chomhaontú léasa ar chostas iomlán maoinithe €417,951.

| **2.8 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 21,651 | 13,937 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 8,608 | 5,665 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,311 | 546 |
| Cáin Bhreisluacha | 639 | 367 |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 1,015 | 207 |
| Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 9 | 20 |
| Scéim Pinsin na Státseirbhíse | 148 | — |
| Cuntais na nGardaí | 4,651 | 4,849 |
| | 38,032 | 25,591 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 4,961 | 4,423 |
| Ciste Luaíochta an Gharda Síochána | 359 | 330 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 184 | 222 |
| | 43,536 | 30,566 |

| **2.9 An Glandliteanas leis an Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,846 | 1,766 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 6,644 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,750) | (1,800) |
| An glandliteanas leis an Státchiste | 6,740 | (34) |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 46,571 | 16,947 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 3,705 | 13,585 |
| | 50,276 | 30,532 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (38,032) | (25,591) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (5,504) | (4,975) |
| | (43,536) | (30,566) |
| | | |
| | 6,740 | (34) |

| **2.10 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Ceangaltais dhomhanda | 17,005 | 32,781 |

Is é an phríomhchúis atá leis an laghdú ar cheangaltais dhomhanda in 2015 i gcomparáid le 2014 ná go bhfuil conradh um cheamaraí sábháilteachta ar bhóithre Go Safe atá le héag i Samhain 2016, 12 mhí níos gaire le críochnú ná mar a bhí sé in 2014.

**b) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| | **Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2014** | **Caiteachas in 2015** | **Ceangaltais Tionscadail i mBlianta dá Éis sin** | **Caitheamh Ionchasach Iomlán i rith Shaolré an Tionscadail in 2015** | **Caitheamh Ionchasach Iomlán i rith Shaolré an Tionscadail in 2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ceanncheathrú Réigiúnach/Roinne na Gaillimhe** | — | 639 | 27,707 | 28,346 | — |
| **Ceanncheathrú Roinne Shráid Chaoimhín** | — | 6,357 | 24,834 | 31,191 | — |
| **Ceanncheathrú Roinne Loch Garman** | — | 2,831 | 22,480 | 25,311 | — |
| **Céimeanna 3a, 3b agus 5 MIMS** | — | 5,957 | 8,438 | 14,395 | — |
| | — | **15,784** | **83,459** | **99,243** | — |

**2.11 Dliteanais Aibithe**

Níorbh ann d’aon dliteanais aibithe neamhchomhlíonta ag deireadh na bliana 2015 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fotheidil

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Ag oibriú le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 930,034 | | | |
| | | *Forlíontach* | 33,785 | 963,819 | 963,316 | 931,418 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 107,625 | | | |
| | | *Forlíontach* | 29,108 | 136,733 | 136,753 | 117,477 |
| A.3 | Éadaí agus oiriúintí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,764 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,836 | 4,600 | 4,356 | 4,014 |
| A.4 | Cumann Lia-Chúnamh Naomh Pól an Gharda Síochána (deontas i gcabhair) | | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,516 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,354 | 28,870 | 28,017 | 31,150 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 30,957 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,752) | 29,205 | 30,440 | 29,606 |
| A.7 | Aerárthach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,281 | 3,331 | 2,869 | 1,479 |
| A.8 | Aoisliúntas, srl. | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 309,173 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,700 | 311,873 | 310,962 | 308,212 |
| A.9 | Costais finnéithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,805 | | | |
| | | *Forlíontach* | (155) | 1,650 | 1,652 | 1,562 |
| A.10 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,622 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,722) | 13,900 | 13,954 | 13,614 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | 1,198 | 1,198 | 1,198 |
| A.12 | Clár caipitiúil tógála | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 42,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (25,356) | 16,644 | 9,827 | — |
| | | | | 1,511,947 | 1,503,468 | 1,439,854 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár A €8.5 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 503 | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €33.8 milliún sa mheastachán forlíontach i ngeall ar liúntais agus ragobair a íoc do thréimhse bhreise uainchláir a bhí dlite lena híoc in 2015 anuas ar phóilíneacht a dhéanamh ar chuairt Phrionsa na Breataine Bige ar an Stát agus Oibríocht Thor a chur i bhfeidhm. |
| Riarachán - neamhphá | (20) | Méadaíodh leithdháileadh an bhuiséid bhunúil €29.1 milliún sa mheastachán forlíontach i ngeall ar riachtanais bhreise chistithe i roinnt fotheideal, TFC ina measc, áit ar soláthraíodh €18 milliún breise ar mhaithe le córais ríthábhachtacha TF agus cistiú caipitil don Chóras Bainistíochta Imscrúduithe Móra (MIMS). I measc na riachtanas breise cistithe, chomh maith, bhí córas raidió TETRA, oibreacha cothabhála sláinte agus sábháilteachta agus roinnt limistéir chaiteachais faoi stiúir éilimh. Tabhaíodh breis caiteachais sa bhuiséad oiliúna maidir le glacadh le hearcaigh an Gharda Síochána. Thabhaigh cuairt Phrionsa na Breataine Bige ar an Stát caiteachas breise faoi chostais taistil agus chothabhála agus theagmhasacha. Rinne coigiltí buiséadta faoi fhotheideal Chúltaca an Gharda Síochána an caiteachas foriomlán breise a sheach-chur go páirteach i ndiaidh gur tháinig laghdú ar Ghardaí Cúltaca. |
| Éadaí agus oiriúintí | 244 | Méadaíodh leithdháileadh an bhunbhuiséid faoi €1.8 milliún sa mheastachán forlíontach. D'eascair na costais bhreise seo ó riachtanais aonfhoirmeacha earcaigh nua an Gharda Síochána. |
| Iompar | 853 | Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €3.4 milliún, lenar áiríodh leithdháileadh breise caipitil €6 milliún chun feithiclí nua a cheannach, ina measc feithiclí ardchumhachta le haghaidh Oibríocht Thor a bhí seach-churtha ag coigiltí €2.6 milliún a baineadh amach le haghaidh costais chothabhála agus reatha chabhlach an Gharda Síochána. |
| Trealamh cumarsáide agus eile | (1,235) | Laghdaíodh an bunbhuiséad faoi €1.7 milliún sa mheastachán forlíontach mar gheall ar líon laghdaithe aonad Trealaimh Fhístaifeadta d'Agallóireacht Amhrastach (TFAA) ar beartaíodh iad a shuiteáil i 2015. Tabhaíodh caiteachas breise faoin bhfotheideal seo roimh dheireadh na bliana tar éis seachadadh tomhaltán arm tine, seachadadh a rinneadh níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Aerárthach | 462 | Méadaíodh an bunbhuiséid faoi €2.3 milliún sa mheastachán forlíontach chun uasghrádú trealamh ról na bPóilíní a chistiú ar Aerárthaí an Gharda Síochána agus chun íoc as costais ghinearálta chothabhála. |
| Aoisliúntas, srl | 911 | Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €2.7 milliún d'íocaíochtaí aisce bunaithe ar réamh-mheastacháin dul ar scor do 2015. Mar gheall ar uainiú iarbhír dul ar scor go déanach i Mí na Nollag tar-rolladh roinnt íocaíochtaí aisce go 2016. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Costais finnéithe | (2) | D’eascair na coigiltí mar gheall ar laghdú a tháinig ar éileamh oibríochtúil agus ar líon tionscnaimh choigilte costais faoinar tugadh. |
| Cúiteamh | (54) | Laghdaíodh an bunbhuiséad faoi €2.7 milliún sa mheastachán forlíontach. D’eascair na coigiltí mar gheall ar laghdú a tháinig ar an líon socraíochtaí aonair agus costais ghaolmhara a bhí i gceist faoi na hAchtanna Garda Síochána (Cúiteamh), 1941 agus 1945. |
| Clár caipitiúil tógála | 6,817 | D’eascair gannchaitheamh €32.2 milliún sa Chlár Caipitiúil Tógála le haghaidh 3 Cheanncheathrú Roinne nua i ngeall ar uainiú conarthaí agus íocaíochtaí. D’eascair laghdú €25.4 milliún sa mheastachán forlíontach as an ngannchaitheamh ar an mbuiséad bunúil a úsáideadh chun riachtanais bhreise chaipitiúla a chistiú le haghaidh TFC, Fheithiclí agus Aerárthaí an Gharda Síochána. Ba é an caiteachas iarbhír ná €6.8 milliún níos lú ná an meastachán athbhreithnithe mar gheall ar uainiú na n-íocaíochtaí a rinneadh. Tugadh €6.64 milliún ar aghaidh go 2016 faoi na forálacha tabhairt ar aghaidh caipitil. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,454 | | | |
| | *Forlíontach* | (154) | 12,300 | 12,501 | 12,677 |
| 2 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin an Gharda Síochána | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,822 | | | |
| | *Forlíontach* | 678 | 22,500 | 22,583 | 22,376 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 800 | 10,800 | 11,622 | 12,143 |
| 4 | Fáltais ó bhainc i leith seirbhísí tionlacain airgid | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,274 | 2,274 | 999 | 489 |
| 5 | Táillí Arm Tine | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,400 | 2,900 | 3,139 | 3,697 |
| 6 | Ceamaraí sábháilteachta - fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | | | | |
| | *Bunaidh* | 17,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 300 | 17,300 | 17,279 | 16,761 |
| 7 | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach as luach saothair seirbhíse poiblí. | | | | |
| | *Bunaidh* | 56,819 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,581 | 60,400 | 60,362 | 58,749 |
| | | | 128,474 | 128,485 | 126,892 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteidil ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim a réamh-mheasadh de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | (822) | Theastaigh meastachán forlíontach mar thoradh go raibh ní ba mhó fáltas do sheirbhísí dualgais neamhphoiblí i gceist ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar thráthúlacht an airgid a fuarthas. Ina theannta sin, cruthaíodh ní ba mhó fáltas ná mar a raibh súil leis faoi fhorghéilleadh leis an Stát. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí coimhdeachta airgid thirim | 1,275 | Cé gur méadaíodh an bunmheastachán faoi €1.3 milliún sa mheastachán forlíontach, d'eascair easnamh mar gheall ar mhoill a bhí ar íocaíocht a fháil ó Chónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann do choimhdeacht airgid thirim a rinne an Garda Síochána. |
| Táillí arm tine | (239) | Méadaíodh an bunmheastachán faoi €1.4 milliún sa mheastachán forlíontach. D'eascair na fáltais bhreise ó líon ní ba mhó d'iarratais ar cheadúnais airm thine ná mar a rabhthas ag súil leis faoin gcóras ceadúnaithe trí bliana. |
| Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 38 | Méadaíodh an bunmheastachán faoi €3.6 milliún. Bhí an líon scoir ní b'ísle ná mar a measadh i dtosach báire, agus d'eascair líonta ní b'airde de Ghardaí fónta as. |

**4.2 Anailís ar Fháltais Ilghnéitheacha**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgais neamhphoiblí soláthraithe ag Gardaí | 4,644 | 4,457 |
| Aisghabháil maidir le damáiste a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda Síochána | 219 | 98 |
| Fáltais ó fheithiclí athláimhe, seanstórais, maoin fhorghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 1,638 | 1,170 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus ar thimpistí | 765 | 778 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 54 | 52 |
| Costais finnéithe a aisghabháil | 7 | 9 |
| Tuarastail a aisghabháil | — | 3 |
| An céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais chun préimheanna árachais a bhailiú | 87 | 88 |
| Táillí ceadúnais tacsaí | 192 | 159 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - muirir Alt 41 | 2,067 | 2,249 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 46 | 41 |
| Crainn an Gharda Síochána | 492 | 1,082 |
| Dliteanas iomprόra | 485 | 357 |
| Cártaí Aoise | 279 | 283 |
| Míreanna neamhrangaithe | 647 | 1,317 |
| | 11,622 | 12,143 |

**4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|
| | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | 207 | 410 |
| Fáltais ó fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 3,000 | 3,409 | 3,673 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | | (2,601) | (3,876) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | | 1,015 | 207 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéiseacha lánaimseartha) | | |
| Baill an Gharda | 12,816 | 12,799 |
| Gardaí Mac Léinn | 250 | 200 |
| Sibhialtaigh | 2,007 | 2,054 |
| | 15,073 | 15,053 |

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 638,386 | 634,793 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 339 | 231 |
| Liúntais eile | 202,600 | 196,179 |
| Ragobair | 56,330 | 37,700 |
| ÁSPC an Fhostóra | 65,661 | 62,515 |
| **Pá iomlán** | **963,316** | **931,418** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair uasta<br>2015<br>€ | Uasíocaíocht aonair uasta<br>2014<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 188 | 4 | 15,863 | 8,999 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 12,282 | 1,628 | 62,996 | 43,564 |
| Liúntais le haghaidh sealoibre uainchláir | 12,909 | 8,387 | 33,571 | 28,282 |
| Ilghnéitheach | 13,370 | 794 | 75,421 | 73,998 |
| Líon daoine aonair áirithe a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 12,868 | 11,988 | 82,036 | 73,998 |

**5.2 Ciste Luaíochta an Gharda Síochána**

Is é cuspóir an Chiste ná íoc as duaiseanna ar mhaithe le crógacht Ghardaí agus as ranníocaíocht bhliantúil le seirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas i dtaca le fíneálacha disciplíneacha an Gharda Síochána.

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána is dual don Chiste sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tugtha anonn an 1 Eanáir | 379 | 373 |
| Fáltais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig | 82 | 56 |
| | 461 | 429 |
| Lúide íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig | 54 | 50 |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | 407 | 379 |

**5.3 Ró-Íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €1,161,648 (961 cás) (2014: €724,118, 701 cás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €756,918 (659 cás).

Ba é luach na ró-íocaíochtaí pinsin ag deireadh na bliana ná €484,698 (185 cás) (2014: €433,168, 172 cás). As sin, tá pleananna gnóthaithe i bhfeidhm ag €209,045 (32 chás).

**5.4 Socruithe luach saothair eile**

Rinneadh 20 státseirbhíseach a bhí ar scor, a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu, a athfhostú ar dhualgais éagsúla in 2015 ar chostas iomlán €81,780.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do chumainn ionadaíochta

Curtha san áireamh i bhfotheideal A.1 tá suim iomlán €330,747 i dtaca le luach saothair do bhaill an Gharda Shíochána ar saoire speisialta le pá do chumainn ionadaíochta foirne agus atá sannta d’eagraíochtaí leasa.

Íocadh deontais €58,000 an ceann le Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus le Cumann na nArd-Cheannfort.

Gearradh suimeanna €43,522 agus €140,323 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa leas astu.

### 6.2 Coimisiúnú agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2015 | Toradh 2015 | Toradh 2014 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiúnú Cuspóra Sheasta** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan McLouchlainn | 2014 | 207 | 207 | — |
| Coimisiún Imscrúdaithe O’Higgins | 2015 | 157 | 157 | — |

| 6.3 Díscríobh | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíocht comhalta shibhialtaigh | — | 25 |

### 6.4 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí an Gharda Síochána, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 682 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána in 2015 (2014: 613). B’ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €922,736. Aisghabhadh cúiteamh iomlán €126,213.

| 6.5 Calaois agus calaois amhrasta | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Míleithreasú líomhnaithe airgid | 8 | 50 |

Tharla 25 cás inar braitheadh nó inar líomhnaíodh caimiléireacht in 2015, cásanna atá á bhfiosrú ag an nGarda Síochána faoi láthair (2014: 34).

**6.6 Cúiteamh agus costais dlí**

Cuimsíonn an cuntas caiteachas i dtaca le costais dlí agus dámhachtainí cúitimh a fuarthas ag baill agus ag fostaithe de chuid an Gharda Síochána agus ag baill den phobal.

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a rinneadh a dhámhachtain | Costais dlí a bronnadh | Costais eile a bronnadh[a] | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag baill agus ag fostaithe an Gharda Síochána[b]** | | | | | | |
| Éilimh ag baill faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945 | 93 | 3,661 | 1,340 | — | 5,001 | 6,319 |
| Tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát le haghaidh díobhálacha a fuarthas ar dualgas | 57[C] | 504 | 319 | 41 | 864 | 497 |
| Caingean dlí a ghlac baill den Gharda Síochána | 6 | 15 | 142 | — | 157 | 591 |
| Ranníocaíochtaí ex-gratia i leith chostais dlí an Gharda Síochána faoi Alt 49 den Acht Garda Síochána, 2005 | 2 | — | 4 | — | 4 | — |
| **Éilimh shibhialta ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Éilimh ag eascairt ó ghníomhartha a rinne Gardaí i bhfeidhmiú a ndualgas | 396[C] | 768 | 4,740 | 27 | 5,535 | 3,870 |
| Éilimh (ó bhaill an Gharda Síochána san áireamh) a d'eascair as timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda Síochána páirteach | 202[C] | 1,530 | 635 | 86 | 2,251 | 2,208 |

An 31 Nollaig 2015

- Níor réitíodh 1,038 éileamh faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) (2014: 1,131).
- Níor réitíodh Bhí 196 éileamh sibhialta a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2014: 186).
- Níor réitíodh 1,643 éileamh sibhialta seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána (2014: 926).

[a] Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí iniúchóra, táillí leighis etc.

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €143,628 (2014: €108,503) de bhun na Scéime um Shochair Dhíobhálacha Ceirde a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní áirítear na híocaíochtaí seo sa tábla thuas.

[c] Féadtar íocaíochtaí páirteacha a áireamh leo seo i gcaitheamh roinnt blianta do chásanna aonair.